**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 31 den Tríú Treoir maidir le hÁrachas Saoil [1] agus Airteagal 15(1) den Dara Treoir maidir le hÁrachas Saoil [2], arna léamh, más iomchuí, i gcomhar le hAirteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar fhoráil náisiúnta ar dá réir nach ndéantar faisnéis tomhaltóra iomlán a chur in iúl ach i ndiaidh don tomhaltóir iarratas a dhéanamh, is é sin le rá, ach amháin leis an bpolasaí árachais ("an múnla polasaí")? Más freagra dearfach a thabharfar ar an gceist sin: An bhfuil ceart chun agóid a dhéanamh ag an tomhaltóir mar gheall air sin amháin, eadhon, ceart chun an conradh árachais a chealú? An bhféadfaí cur i gcoinne ceart den sórt sin le pléadáil dlí maidir le forghéilleadh nó mí-úsáid ceart?

2. Maidir le hárachóir nár thug aon fhaisnéis nó nár thug ach faisnéis mhíchruinn don tomhaltóir maidir lena cheart chun agóid a dhéanamh, an bhfuil cosc air forghéilleadh nó mí-úsáid ceart a mhaíomh i gcoinne na gceart atá ag an tomhaltóir dá bharr sin, lena n-áirítear, go háirithe, an ceart chun agóid a dhéanamh?

3. Maidir le hárachóir nár chuir aon fhaisnéis tomhaltóra ar fáil don tomhaltóir nó nár chuir ach faisnéis tomhaltóra neamhiomlán nó mhíchruinn ar fáil dó, an bhfuil cosc air forghéilleadh nó mí-úsáid ceart a mhaíomh i gcoinne na gceart atá ag an tomhaltóir dá bharr sin, lena n-áirítear, go háirithe, an ceart chun agóid a dhéanamh?

4. An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 15(1) den Dara Treoir maidir le hÁrachas Saoil, Airteagal 31 den Tríú Treoir maidir le hÁrachas Saoil agus Airteagal 35(1) de Threoir 2002/83 [3], arna léamh, más iomchuí, i gcomhar le hAirteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar fhoráil náisiúnta nó cásdlí ar dá réir atá an dualgas cruthúnais agus fianaise ar an árachaí – tar éis dó a cheart chun agóid a dhéanamh a fheidhmiú go dlisteanach – maidir leis na buntáistí a bhí ann don árachóir a ríomh? An gceanglaítear faoi dhlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, má cheadaítear go bhforchuirfí an dualgas cruthúnais agus fianaise ar an gcaoi sin, go mbeadh ceart chun faisnéise nó leasanna eile dá bharr ag an árachaí i leith an árachóra chun ligean dó a chearta a fheidhmiú?

[1] Treoir 92/96/CEE ón gComhairle an 10 Samhain 1992 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach (árachas saoil) agus lena leasaítear Treoracha 79/267/CEE agus 90/619/CEE (Tríú Treoir maidir le hÁrachas Saoil) (IO 1992 L 360, lch. 1).

[2] Dara Treoir 90/619/CEE ón gComhairle an 8 Samhain 1990 maidir le comhordú dlíthe rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach (árachas saoil) agus lena leagtar síos forálacha chun feidhmiú éifeachtúil saoirse chun seirbhísí a sholáthar a éascú agus lena leasaítear Treoir 79/267/CEE (IO 1990 L 330, lch. 50).

[3] Treoir 2002/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir le hárachas saoil (IO 2002 L 345, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 24 Samhain 2022 – imeachtaí coiriúla

**(Cás C-722/22)**

(2023/C 45/21)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh Réime 2005/212, [1] arna léamh i gcomhar leis an tríú fleasc d'Airteagal 1 de, dlí náisiúnta a léiriú sa chaoi nár chóir feithicil earraí troma (aonad tarracóra agus leantóra) ar úsáid baill de ghrúpa coireachta eagraithe chun mórmhéideanna earraí máil (toitíní) a choimeád agus a iompar gan marcáil chánach a choigistiú mar ionstraimeacht?

[1] Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais, Ionstraimeachtaí agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú (IO 2005 L 68, lch. 49).

---